2026/2217

5.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2217 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Feabhra 2026

maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe, i bhfoirm malartú litreacha, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 186, i gcomhar le h Airteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] bunaíodh an Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2], ar feadh tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2028.

(2) Tá Ríocht Mharacó ('Maracó') ar cheann de na 19 Stát Rannpháirteacha in PRIMA, tar éis di comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le comhar eolaíochta agus teicneolaíochta lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha dá rannpháirtíocht sa chomhpháirtíocht ('Comhaontú PRIMA') [3]. Is é is cuspóir do Chomhaontú PRIMA na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Mharacó in PRIMA a leagan amach. Tá Comhaontú PRIMA le fanacht i bhfeidhm fad atá Cinneadh (AE) 2017/1324 i bhfeidhm.

(3) Le Cinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [4] cuireadh síneadh le fad foriomlán PRIMA faoin gclár Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht ('Fís Eorpach'), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [5] go dtí an 31 Nollaig 2031. Déantar foráil ann freisin go leanfaidh Maracó de bheith rannpháirteach in PRIMA faoin gclár Fís Eorpach, faoi réir comhaontú a thabhairt i gcrích, i bhfoirm malartú litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar Comhaontú PRIMA.

(4) Ós rud é gur chuir Maracó in iúl gur spéis léi leanúint de bheith rannpháirteach in PRIMA faoin gclár Fís Eorpach, ba cheart di glacadh go foirmiúil leis na téarmaí agus na coinníollacha nuashonraithe maidir le rannpháirtíocht den sórt sin.

([1]) Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát (IO L 185, 18.7.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/1324/oj).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1291/oj).

([3]) Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) (IO L 106, 26.4.2018, lch. 3; ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2018/639/oj).

([4]) Cinneadh (AE) 2024/1167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara ('PRIMA') faoin gclár Fís Eorpach (IO L, 2024/1167, 19.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1167/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

(5) Chuige sin, an 9 Samhain 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2023/2621 ([6]), lena n-údaraítear an Coimisiún comhaontú a chaibidliú, i bhfoirm malartú litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar Comhaontú PRIMA agus lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Mharacó in PRIMA faoin gclár Fís Eorpach ('an Comhaontú').

(6) Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an gComhaontú an 8 Meán Fómhair 2025.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú.

(8) Chun go mbeidh Maracó in ann leanúint dá rannpháirtíocht in PRIMA faoin gclár Fís Eorpach a luaithe is féidir, ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo síniú an Chomhaontaithe, i bhfoirm malartú litreacha, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) ([7]), faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích.

Airteagal 2

Cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach amhail ó dháta a shínithe, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Feabhra 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. KERAVNOS

([6]) Cinneadh (AE) 2023/2621 ón gComhairle an 9 Samhain 2023 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe, i bhfoirm malartú litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar na comhaontuithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Daon Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, Poblacht Arabach na hÉigipte, Ríocht Haisimíteach na hIordáine, Poblacht na Liobáine agus Ríocht Mharacó, faoi seach, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha dá rannpháirtíocht a mhéid a bhaineann le Fís Eorpach sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA), arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát (IO L, 2023/2621, 21.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2621/oj).

([7]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2026/2218, 5.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/2218/oj.